# Scéal, Scéal, Scéal…

*scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige*


1 Lúnasa 2024 Eagrán 207



Guíonn muid chuile rath ar pheileadóirí ban na Gaillimhe, a bheas ag imirt i gCraobh na hÉireann in aghaidh mhná Chiarraí ar an Domhnach, 4 Lúnasa ag 4.15 i.n

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

## Fleadh Cheoil 2024



Beidh an ceol ag dul go gealach i mbaile mór Loch Garman an tseachtain seo chugainn agus beidh na mílte ag triall ar Fhleadh Cheoil na hÉireann.

Beidh beirt cheoltóirí ó Chois Fharraige i measc iomaitheoirí na gcomórtas; beirt a bhfuil an sloinne céanna acu, atá sa scoil chéanna agus atá sa rang céanna – Seán Óg Ó Fátharta agus Déithín Ní Fhátharta!

Sa gcomórtas scéalaíochta a bheas Seán Óg. Is as an gCloich Mhóir dó agus tá sé ag scéalaíocht le deich mbliana anuas ó thosaigh sé ag an Oireachtas le scéal a scríobh a Mhamó dó! Murab ionann agus go leor déagóirí eile, choinnigh sé leis an gceird agus tá sé ar dhuine den bheagán atá ag coinneáil traidisiún na scéalaíochta beo sa gceantar. Scéal ó chnuasach a bhailigh Mícheál Ó Conghaile a bheas á inseacht aige sa gcomórtas.




Is go dtí na hAille a tháinig Corn Chraobh na hÉireann don Phianó faoi 18 anuraidh. Beidh Déithín, an té a bhuaigh an comórtas úd, páirteach ann arís i mbliana. Bhí caipín an áidh uirthi anuraidh agus is cinnte go mbeidh an-chomórtas arís ann i mbliana. Is ceoltóir ildánach í Déithín, a bhí le cloisteáil go minic i Stiúideó Cuan an samhradh seo.

Anuas air sin beidh ceoltóirí óga as Cois Fharraige ag casadh le Ceolfhoireann Mheitheal le linn na seachtaine. D'fhreastail Déithín, Ruadhán Ó Fátharta, Ella Nic Dhomhnaill agus Aoibhínn Ní Neachtain ar Scoil Cheoil Mheitheal le deireanas agus beidh an cheolfhoireann ar stáitse i Loch Garman ar an Déardaoin, an 8 Lúnasa.

Go n-éirí leo ar fad.

## Maidin Chaife

Beidh an mhaidin chaife mhíosúil á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ar an Aoine, 2 Lúnasa sa gCruiscín Lán ag 11.00 r.n.




Ócáid í seo a bhíonn ar bun ar an gcéad Aoine de chuile mhí i sráidbhaile an Spidéil le deis a thabhairt do dhaoine atá seanbhunaithe sa gceantar agus do dhaoine nua-thagtha isteach sa gceantar casadh lena chéile, aithne a chur ar a chéile agus tacú leo siúd ar mian leo tógáil ar an méid Gaeilge atá acu. Níl le déanamh ach bualadh isteach.

Ní call aithne a bheith agat ar aon duine roimh ré.

Beidh cairde ann romhat!

## Tearmann Éanna ag Earcú

Tá roinnt postanna fógartha ag Tearmann Éanna, an tseirbhís a chuireann tacaíocht agus cúram baile ar fáil don aosach.




Ar an Tulach atá an ceanncheathrú ag Tearmann Éanna ach déanann siad freastal ar an aosach ar fud cheantar Chois Fharraige. Tá Bainisteoir Cúnta buan, 39 uair an chloig sa tseachtain ar thuarastal idir €50,000 agus €60,000 uathu. Tá post buan eile, 20 uair sa tseachtain ar thuarastal €17.26 go €19.72 acu do chomhordaitheoir don Aosach freisin. Tá cúramóirí uathu chomh maith agus is postanna buana, páirtaimseartha ar fhleisc-am na postanna seo ar phá €16.22 go €19.47.

Tá tuilleadh eolais le fáil ach glaoch ar 091 505 540 nó seol d'iarratas chuig cv@tearmanneanna.ie.

An 23 Lúnasa an spriocdháta do na postanna seo.

## Oibrithe Deonacha ag teastáil

Tá Scéal Eile, an siopa carthanais, sa tóir ar dhaoine le dul ar a bpainéal.

Má tá cúpla uair an chloig le spáráil agat, ba bhreá leo cloisteáil uait. Níl le déanamh ach bualadh isteach chucu sa siopa trasna an bhóthair ó Shéipéal Ainnín ar an gCnoc (H91 EFN3) nó glaoch a chur ar 091 399 199.

Glacann Scéal Eile le hearraí éagsúla: éadaí, bróga, soithigh, earraí tí, troscán agus bréagáin agus tá siad fíor-bhuíoch dá gcuid deontóirí, dá gcuid oibrithe deonacha agus dá gcuid custaiméirí.




## An Phicnic Leictreach

Beidh an Phicnic Leictreach ar siúl idir 16-18 Lúnasa sa tSráidbhaile i gContae Laoise mar is iondúil.

Agus beidh ceol Gaelach agus Gaeilge le cloisteáil arís i mbliana ar an stáitse sa gCollchoill!

Bíonn Láthair Champála Ghaeltachta ar fáil ann le deis a thabhairt do lucht campála a gcuid campaí a chrochadh áit a mbeidh an Ghaeilge i réim mar phríomhtheanga labhartha agus ina mbeidh craic is comhluadar ar fáil i measc Gaeilgeoirí na féile.




Tá an clárúchán ar oscailt anois agus tá spásanna ar fáil saor in aisce ach *caithfidh* tú ticéad a bheith agat. Líon teoranta ticéad atá ar fáil, mar sin, má tá tú fhéin nó duine a bhfuil aithne agat orthu ag dul chuig an bPicnic Leictreach i mbliana cuirigí spás in áirithe go luath agus scaipigí an scéal!

Coinnigí súil amach freisin ar Instagram @croinafeile.

## Moladh na Seachtaine

*Colm Ó Cinnseala*

Seo chugainn Domhnach Mhám Éan, an Domhnach beag seo, 4 Lúnasa. Sin lá na hoilthireachta traidisiúnta chuig an sliabh bheannaithe gar do theorainn na Gaillimhe agus Mhaigh Eo. Tá cáil naofachta Mhám Éan ag dul i bhfad siar go haimsir na réamh-Chíostaíochta, tráth a raibh creideamh eile i réim sa tír, creideamh nach bhfuil ach blúiríní eolais fágtha againn ina leith. Ba é Crom nó Crom Dubh, Dia de chuid na gCeilteach, a luaití le Mám Éan an t-am sin. Maireann a ainm sa ngáir *In ainm Chroim!* go dtí an lá tá atá inniu féin ann.

Deir an seanchas linn gur tháinig Naomh Pádhraic go Mám Éan sa mbliain 441 AD, gur ghlac Crom cruth tairbh air féin agus gur báthadh é i Loch Mhám Éan, atá díreach faoin tobar beannaithe. Tá Carraig an Aifrinn ó aimsir na bpéindlíthe, scoilt i gcarraig a ngaloitear 'Leaba Phádhraic' air (ní dhéarfainn go raibh mórán compoird aige ann!), tobar beannaithe agus ciorcal cloiche ar an láthair. Chuala mé ráite in aimsir na réamh-Chríostaíochta go mbíodh draoi suite sa gciorcal seo, cineál fear feasa a bhíodh ann agus go dtéadh oilithrigh chuige ag iarraidh comhairle uaidh ina nduine agus ina nduine. Ceann de stáisiún na croise atá ann anois.

Bhí an oilithreacht titithe i léig go mór ach a bhuíochas don Athair Mícheál Mac Gréil, fear a raibh fís aige, déanadh athbheochan ar an oilithreacht sna hochtóidí agus tógadh an séipéilín atá ann anois. I 1986, lonnaíodh dealbh cloiche de Naomh Pádraic a rinne t-ealaíontóir cáiliúil Clíodhna Cussen ar an suíomh.

Is féidir teacht ar Mhám Éan ón taobh ó thuaidh nó ón taobh ó dheas. Más ag teacht ó bhóthar an N59 duit, tá an bóthar isteach suite ó thuaidh, cúpla ciliméadair siar ó Chrosbhóthar an Tí Dhóite agus taobh thoir de shéipéal an tSraith Salach. Más buan mo chuimhne tá comhartha le 'Mám Éan' nó 'Leaba Phadraic' ar an taobh ó thuaidh den bhóthair. Tá carrchlós ar an mbealach isteach chuig an suíomh beannaithe. Bíonn Turas na Croise agus Aifreann (ag tosú ag 3.00 i.n) ann agus tá sé de nós ag daoine ofráil bheag shimplí (bonn airgid, bonn naofa, nóta beag nó a leithéid) a fhágáil ag an tobar beannaithe. Moltar bróga láidre sléibhe a chaitheamh – tá an cosán garbh go maith in áiteacha!

